


Dhá scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar dhá scéal nuachta. Féach ar an tuairisc den chéad uair agus breac síos ábhar an dá scéal:



Scéal 1

Scéal 2

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo a bhí le cloisteáil inti?

- getting ready for
- the country will vote
- mediator
- Britain's membership
- new trade deals
- challenges
- to survive

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus abair cé hiad na daoine seo:

Micheál Martin
Brendan Howlin
Eamon Ryan
Michel Barnier

Ceist 4 ‘...seachtar ceannairí...’

Na huimhreacha pearsanta a thugtar ar na huimhreacha a úsáidtear chun daoine a chomhaireamh.

Breac síos anois iad, 1 – 10:

Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal, chun na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta a chur in iúl. Tá sampla amháin déanta.

	_____ amháin	beirt	triúr-deichniúr
ceannaire	<i>ceannaire amháin</i>	<i>beirt cheannairí</i>	<i>triúr ceannairí</i>
idirghabhálaí			
bean			
deirfiúr			
trádálaí			
seoltóir			

Ceist 5

An leagan caighdeánach

Féach ar an tuairisc arís agus líon na bearnaí sa script leis an leagan caighdeánach den fhocal.

Scéal 1

Anois, mar a luaigh Sinéad ina tuairisc ar ball beag, táthar ag fáil faoi réir in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, do dhíospóireacht de na ceannairí a _____ ar siúl ansin anocht. Seachtar ceannairí a _____ ag glacadh páirte sa díospóireacht – an Taoiseach, Leo Varadkar; ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin; Mary Lou McDonald Shinn Féin; Brendan Howlin ó Pháirtí an Lucht Oibre; Richard Boyd Barrett, _____; Eamon Ryan Chomhaontas Glas agus Róisín Shortall ó na _____. Níl ach dhá lá dhéag fanta go rachaidh an tír i mbun vótála.

Scéal 2

Bhí cruinniú ag an Taoiseach, Leo Varadkar, le príomh-idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh ar an mBreatimeacht, Michel Barnier, i dTithe an Rialtais i mBaile Átha Cliath ar maidin. Níl fágtha anois ach cúpla lá go n-imeoidh an Bhreatain as an Aontas Eorpach go hoifigiúil. Meán oíche am na hEorpa, nó a haon déag a chlog am na hÉireann, a _____ deireadh le ballraíocht na Breataine san Aontas Eorpach. Agus, go luath ina dhiaidh sin cuirfear tús le _____ faoi shocruithe nua trádála. Dúirt Michel Barnier go bhfuil dúshlán go leor le sárú _____ cainteanna trádála, má tá gnólachtaí le _____ slán.

Ceist 6

Tá forógraí na bpáirtithe polaitíochta i mbéal an phobail faoi láthair agus an tír ag druidim leis an olltoghchán. Féach ar na pointí thíos agus cuir in ord tábhachta iad, trí uimhir a haon a chur leis an bpointe is tábhachtaí agus mar sin ar aghaidh.

- ♣ Ardófar an cháin ar bhreosla.
- ♣ Beidh an ceart ag oibrithe pinsean stáit a fháil ag 67 bliain d'aois.
- ♣ Beidh cuairt ar an dochtúir teaghlaigh saor do chách.
- ♣ Ceapfar aire sinsearach a bheadh freagrach as an nGaeilge agus as an nGaeltacht amháin.
- ♣ Cuirfear €50 milliún ar fáil don Ghaeilge agus don Ghaeltacht.

VIFAX 30 Eanáir 2020
Meánleibhéal

- ♣ Gearrfar cáin níos airde ar dhaoine a shaothraíonn €100,000 nó níos mó.
- ♣ Laghdófar costais cúraim leanaí.
- ♣ Ní ardófar táillí don oideachas tríú leibhéal.
- ♣ Ní cheadófar d'fhostóirí séisíní a bhfostaithe a ghlacadh.
- ♣ Ní cheadófar gluaisteán ar bith i lár chathracha na tíre faoin mbliain 2027.
- ♣ Tabharfar ciorrú cánach isteach do dhaoine a shaothraíonn €30,000 nó níos lú sa bhliain.
- ♣ Tabharfar níos mó tacaíocht airgid d'fheirmeoirí beaga na tíre.
- ♣ Tógfar 50,000 teach comhairle taobh istigh de dhá bhliain.

Pléigh ord do phointí leis an duine in aice leat.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Féach an script.

Ceist 2

getting ready for – *ag fáil faoi réir*
the country will vote – *rachaidh an tír i mbun vótála*
mediator – *idirghabhálaí*
Britain's membership – *ballraíocht na Breataine*
new trade deals – *socrúithe nua trádála*
challenges – *dúshlán*
to survive – *le teacht slán*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

_____ amháin

beirt
triúr
ceathrar
cúigear
seisear
seachtar
ochtár
naonúr
deichniúr

	_____ amháin	beirt	triúr-deichniúr
ceannaire	<i>ceannaire amháin</i>	<i>beirt cheannairí</i>	<i>triúr ceannairí</i>
idirghabhálaí	<i>idirghabhálaí amháin</i>	<i>beirt idirghabhálaithe</i>	<i>ceathrar idirghabhálaithe</i>
bean	<i>bean amháin</i>	<i>beirt bhan</i>	<i>seachtar ban</i>
deirfiúr	<i>deirfiúr amháin</i>	<i>beirt deirfiúracha</i>	<i>cúigear deirfiúracha</i>
trádálaí	<i>trádálaí amháin</i>	<i>beirt trádálaithe</i>	<i>ochtár trádálaithe</i>
seoltóir	<i>seoltóir amháin</i>	<i>beirt seoltóirí</i>	<i>seisear seoltóirí</i>

Ceist 5

Scéal 1

Anois, mar a luaigh Sinéad ina tuairisc ar ball beag, táthar ag fáil faoi réir in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, do dhíospóireacht de na ceannairí a **bheidh** ar siúl ansin anocht. Seachtar ceannairí a **bheidh** ag glacadh páirte sa díospóireacht – an Taoiseach, Leo Varadkar; ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin; Mary Lou McDonald Shinn Féin; Brendan Howlin ó Pháirtí an Lucht Oibre; Richard Boyd Barrett, **Pobal Roimh Bhrabús**; Eamon Ryan Chomhaontas Glas agus Róisín Shortall ó na **Daonlathaigh Shóisialta**. Níl ach dhá lá dhéag fanta go rachaidh an tír i mbun vótála.

Scéal 2

Bhí cruinniú ag an Taoiseach, Leo Varadkar, le príomh-idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh ar an mBreathimeacht, Michel Barnier, i dTithe an Rialtais i mBaile Átha Cliath ar maidin. Níl fágtha anois ach cúpla lá go n-imeoidh an Bhreatain as an Aontas Eorpach go hoifigiúil. Meán oíche am na hEorpa, nó a haon déag a chlog am na hÉireann, a **thiocfaidh** deireadh le ballraíocht na Breataine san Aontas Eorpach. Agus, go luath ina dhiaidh sin cuirfear tús le **cainteanna** faoi shocrúithe nua trádála. Dúirt Michel Barnier go bhfuil dúshlán go leor le sárú **sna** cainteanna trádála, má tá gnólachtaí le **teacht** slán.

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gcuipóirí polaitíochta seo i mbeirteanna. Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang iomlán ansin.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

Anois, mar a luaigh Sinéad ina tuairisc ar ball beag, táthar ag fáil faoi réir in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, do dhíospóireacht de na ceannairí a bheas¹ ar siúl ansin anocht. Seachtar ceannairí a bheas ag glacadh páirte sa díospóireacht – an Taoiseach, Leo Varadkar; ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin; Mary Lou McDonald Shinn Féin; Brendan Howlin ó Pháirtí an Lucht Oibre; Richard Boyd Barrett, Pobal Seachas Brabús²; Eamon Ryan Chomhaontas Glas agus Róisín Shortall ó na Daonlathaigh Shóisialacha³. Níl ach dhá lá dhéag fanta go rachaidh an tír i mbun vótála.

Scéal 2

Bhí cruinniú ag an Taoiseach, Leo Varadkar, le príomh-idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh ar an mBreatimeacht, Michel Barnier, i dTithe an Rialtais i mBaile Átha Cliath ar maidin. Níl fanta anois ach cúpla lá go n-imeoidh an Bhreatain as an Aontas Eorpach go hoifigiúil. Meán oíche am na hEorpa, nó a haon déag a chlog am na hÉireann, a thioctas⁴ deireadh le ballraíocht na Breataine san Aontas Eorpach. Agus, go luath ina dhiaidh sin cuirfear tús le cainteannaí⁵ faoi shocruithe nua trádála. Dúirt Michel Barnier go bhfuil dúshlán go leor le sárú ins na⁶ cainteanna trádála, má tá gnólachtaí le thíocht⁷ slán.

¹ a bheidh an leagan caighdeánach

² Pobal Roimh Bhrabús an leagan oifigiúil

³ Daonlathaigh Shóisialta an leagan caighdeánach

⁴ a thioctas an leagan caighdeánach

⁵ cainteanna an leagan caighdeánach

⁶ sna an leagan caighdeánach

⁷ le teacht an leagan caighdeánach